Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Meitheamh 2026 (OR. en)**

**8501/26**

**CDR 81**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar seachtar comhaltaí agus ochtar comhaltaí malartacha, arna moladh ag Ríocht na Danmhairge, de Choiste na Réigiún<br>– Glacadh |

1. I litir dar dáta an 8 Eanáir 2026[1], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Erik FLYVHOLM agus Karsten Uno PETERSEN, comhaltaí de Choiste na Réigiún, a cheapadh agus ar dá bhun a ceapadh iad. I litreacha dar dáta an 20 Aibreán 2026[2], an 8 Bealtaine 2026[3] agus an 12 Meitheamh 2026[4], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh Bent GRAVERSEN, Kasper Egede GLYNGØ, Kirsten Maria Meyer JENSEN, Karsten Søndergaard NIELSEN, agus Hanne ROED, comhaltaí de Choiste na Réigiún, ag éirí as oifig.

[1] 5254/26.
[2] 7593/26.
[3] 8700/26.
[4] 10072/26.

2. I litir dar dáta an 8 Eanáir 20261, thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle faoi dheireadh an tsainordaithe náisiúnta ar dá bhonn a moladh Jens Christian GJESING, Henrik Gottlieb HANSEN, Tage LEEGAARD, agus Mads SØRENSEN, comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún, a cheapadh agus ar dá bhun a ceapadh iad. I litir dar dáta an 20 Aibreán 20262 agus an 8 Bealtaine 20263, thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh Anne MADSEN agus Thomas ROHDEN, comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún, ag éirí as oifig.

3. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapfaidh comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

4. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Erik FLYVHOLM, Bent GRAVERSEN, Kasper Egede GLYNGØ, Kirsten Maria Meyer JENSEN, Karsten Søndergaard NIELSEN, Karsten Uno PETERSEN, agus Hanne ROED, mhol Rialtas na Danmhairge[5] na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla iad a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil: Kirsten Morild Vincent ANDERSEN, *Regionsrådsmedlem, Regionsrådet, Region Nordjylland* (Comhairleoir Réigiúnach, Comhairle Réigiúnach na Danmhairge Thuaidh), Helle GADE, *Borgmester, Silkeborg Kommune* (Méara, Bardas Silkeborg), Sofie Wagner Lærkesen HOLM, *Regionsrådsmedlem, Region Østdanmark* (Comhairleoir Réigiúnach, Comhairle Réigiúnach na Danmhairge Thoir), Pernelle JENSEN, *Regionsrådsmedlem, Region Syddanmark* (Comhairleoir Réigiúnach, Comhairle Réigiúnach na Danmhairge Theas), Line Krogh LAY, *Kommunalbestyrelsesmedlem, Stevns Kommune* (Comhalta den Chomhairle Bardais, Bardas Stevns), Søren SMALBRO, *Borgmester, Hjørring Kommune* (Méara, Bardas Hjørring), agus Piet Papageorge TIMMERMANN, *Kommunalbestyrelsesmedlem, Glostrup Kommune* (Comhalta den Chomhairle Bardais, Bardas Glostrup), mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030. Tar éis cheapadh Line Krogh LAY agus Piet Papageorge TIMMERMANN mar chomhaltaí, beidh dhá shuíochán bhreise de chomhaltaí malartacha folamh.

5 8746/26.

5. Chun na poist a líonadh a d'fhág Line Krogh LAY agus Piet Papageorge TIMMERMANN folamh, mhol5 Rialtas na Danmhairge na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás áitiúil: Bent HANSEN, *Kommunalbestyrelsesmedlem, Gribskov Kommune* (Comhalta den Chomhairle Bardais, Bardas Gribskov), agus Pernille Skaaning SYLVEST, *Kommunalbestyrelsesmedlem, Køge Kommune* (Comhalta den Chomhairle Bardais, Bardas Køge), mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

6. Ina theannta sin agus chun comhalta a chur in ionad Jens Christian GJESING, Henrik Gottlieb HANSEN, Tage LEEGAARD, Anne MADSEN, Thomas ROHDEN, agus Mads SØRENSEN, mhol5 Rialtas na Danmhairge na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla iad agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil: Torben Ringe CHRISTENSEN, *Regionsrådsmedlem, Regionsrådet, Region Nordjylland* (Comhairleoir Réigiúnach, Comhairle Réigiúnach na Danmhairge Thuaidh), Purnima ERICHSEN, *Regionsrådsmedlem, Region Midtjylland* (Comhairleoir Réigiúnach, Comhairle Réigiúnach na Danmhairge Láir), Syed Irfan Munawar GILANI, *Regionsrådsmedlem, Region Østdanmark* (Comhairleoir Réigiúnach, Comhairle Réigiúnach na Danmhairge Thoir), Salah Nuuradiin HUSSEIN, *Kommunalbestyrelsesmedlem, Aalborg Kommune* (Comhalta den Chomhairle Bardais, Bardas Aalborg), Kirsten Maria Meyer JENSEN, *Kommunalbestyrelsesmedlem, Hillerød Kommune* (Comhalta den Chomhairle Bardais, Bardas Hillerød), agus Michael NEDERSØE, *Kommunalbestyrelsesmedlem, Horsens Kommune* (Comhalta den Chomhairle Bardais, Bardas Horsens), mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh, mar a leagtar amach in 8500/26 é, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.